& Ceardchumainn Ceardaíochta BOO Chathair Bhaile Átha Cliath (m.sh. TEEU, INPDU, UCATT agus BATU)

# Treoirnótaí

**Ag gabháil leis an *mBeartas maidir le Gnéaschiapadh agus Ciapadh ag an Obair a Chosc agus a Réiteach***
***(*Leagan: 1 Meán Fómhair 2025)***

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

# RÉAMHRÁ

Tá na Treoirnótaí seo á gcur ar fáil chun cabhrú leis na páirtithe i ngearán agus leo siúd atá páirteach i riar *an Bheartais maidir le Gnéaschiapadh agus Ciapadh ag an Obair a Chosc agus a Réiteach*– Leagan: 1 Meán Fómhair 2025

Ba chóir na Treoirnótaí a léamh i gcónaí in éineacht leis an mbeartas. Cibé áit a bhféadfadh easaontas a theacht chun cinn maidir le léirmhíniú, beidh tosaíocht ag an *mBeartas maidir le Gnéaschiapadh agus Ciapadh ag an Obair a Chosc agus a Réiteach*.

D'fhéadfadh na Treoirnótaí seo a bheith faoi réir athbhreithnithe, modhnuithe agus nuashonruithe ó am go ham de réir mar a d'fhéadfadh teacht chun cinn ar threoir Fhóram Comhairleach BOOÉ/na gCeardchumann.

Tuigtear go mbaineann gach tagairt do BOO leis an mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO) cuí.

Tá sé tábhachtach go mbeadh Cairt um Dhínit ag an Obair i bhfeidhm ag BOOnna a thagraíonn don tsraith beartas a bhaineann leis an ábhar sin.

**Bíodh sé foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, ní mór gearán a dhéanamh laistigh de shé mhí ón eachtra/na heachtraí is déanaí d'iompar líomhnaithe.** I gcúinsí eisceachtúla, féadfar an teorainn ama sé mhí a athbhreithniú. Faoin gCeann Acmhainní Daonna sa BOO faoi seach atá an cinneadh maidir le gearán a ghlacadh faoin nós imeachta seo.

CLÁR ÁBHAIR ... 4

TEIMPLÉAD A1 – Aide-mémoire do Theagmhálaithe BOO ... 6

TEIMPLÉAD B1 – Comhaontú Measúnaithe le haghaidh Idirghabhála ... 9

TEIMPLÉAD B2 – Taifead ar Thoradh na hIdirghabhála (Eiseamláir) ... 12

TEIMPLÉAD C – Foirm Ghearáin maidir le Ciapadh agus Gnéaschiapadh san Ionad Oibre ... 13

TEIMPLÉAD E2 – Eiseamláir d'Fhoirm Freagartha ar Ghearán ... 26

## CLÁR ÁBHAIR



| Teimpléad | Cineál Doiciméid/Teimpléid | Oiriúnach don úsáid seo a leanas: |
|---|---|---|
| Teimpléad A1 | Aide-mémoire do Theagmhálaithe BOO | Doiciméad Inmheánach BOO<br><br>**NB:** Is féidir an fhoirm a úsáid do pháirtithe ar freagróirí iad freisin. I gcúinsí den sórt sin, déantar tagairtí don ghearánach agus don fhreagróir a aisiompú nuair a chomhlánaítear an fhoirm. |

| | | |
|---|---|---|
| Teimpléad B1 | Comhaontú Measúnaithe le haghaidh Idirghabhála | Comhaontú Measúnaithe le húsáid ag an Idirghabhálaí agus ag páirtithe sa ghearán sa chás go ndéantar idirghabháil mar réiteach cuí ar choinbhleacht ag an obair |
| Teimpléad B2 | Taifead ar Thoradh na hIdirghabhála (Eiseamláir) | Comhlánaithe ag an Idirghabhálaí agus curtha ar aghaidh lena choinneáil ag Roinn Acmhainní Daonna an BOO |
| Teimpléad C | Foirm Ghearáin maidir le *Ciapadh agus* Gnéaschiapadh *san Ionad Oibre* | Comhlánaithe ag an ngearánach agus curtha ar aghaidh chuig an gCeann Acmhainní Daonna sa BOO |
| Teimpléad E2 | Foirm Freagartha ar Ghearán | Eisithe ag an gCeann Acmhainní Daonna lena chomhlánú ag an bhfreagróir |

*Páipéar ceannteidil an BOO* *GO HIOMLÁN FAOI RÚN*

# Aide-mémoire do Teagmhálaithe an BOO

**Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil Teagmhálaithe ar fáil do pháirtithe, ar gearánaithe agus freagróirí iad araon. Sa chás go n-úsáidtear an fhoirm le haghaidh páirtí/páirtithe ar freagróirí iad, déantar tagairtí don ghearánach agus don fhreagróir a aisiompú.**

| | |
|---|---|
| *Ainm an BOO:* | |
| *Ainm Theagmhálaí an BOO:* | |
| *Ainm an bhaill foirne:* | |
| *Deimhnigh cé acu atá an ball foirne ina ghearánach nó ina fhreagróir.* | |
| *Uimhir theagmhála, atá an ball foirne, ar gearánach é/í, sásta a chur ar fáil* | |
| *Dáta agus am an chomhrá (ar an bhfón, go pearsanta srl.)* | |
| *Comhrá Uimh. (X de X)* | |
| *Ceannlitreacha an fhreagróra:*<br><br>*Ar mhaithe le rúndacht, staon ó fhaisnéis a thaifeadadh a d'fhéadfadh páirtithe eile a shainaithint.* | |
| *Aon ghníomh a rinne ball foirne go dtí seo (cuir sonraí ar fáil):* | |

***Mar an Teagmhálaí...***

| ***Ceisteanna*** | ***TÁ*** | ***Ní hea*** |
|---|---|---|
| 1. Ar éist tú le hábhair imní an bhaill foirne? | | |
| 2. Ar thug tú achoimre ar ais don bhall foirne i.e. an tuiscint atá agat ar an ábhar imní atá air/uirthi? | | |
| 3. Ar chuir tú an ball foirne, ar **bhealach neamhthreorach**, ar an eolas faoi na roghanna atá ar fáil dóibh faoin *Beartas maidir le Gnéaschiapadh agus Ciapadh ag an Obair a Chosc agus a Réiteach*? | | |
| *Rogha* | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | An mbeadh beartas eile níos oiriúnaí m.sh. an nós imeachta gearáin a aontaíodh go náisiúnta? Is faoin mball foirne lena mbaineann aon chinneadh ina leith sin. | | |
| | *Rogha*<br>Idirghabháil – ar mhínigh tú cad atá i gceist? | | |
| | *Rogha – Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe/Comhairleoireacht*<br><br>Cuireann an tseirbhís neamhspleách cúnaimh d'fhostaithe treoir agus comhairleoireacht ghairmiúil ar fáil.<br>Ar threoraigh tú iad chuig a suíomh gréasáin?<br>Ar thug tú comhairle maidir lena bhfuil i gceist?<br>Ar chuir tú sonraí teagmhála ar fáil don tseirbhís sin? | | |
| | *Rogha*<br>Gearán foirmiúil a dhéanamh agus an próiseas atá i gceist? | | |
| 4. | Ar luaigh tú gur féidir leis/léi teagmháil a dhéanamh lena c(h)eardchumann chun a (h)ábhar imní a phlé? | | |
| 5. | Ar thug an ball foirne le fios go bhféadfadh sé/sí a bheith sásta páirt a ghlacadh i gceann de na roghanna a luaitear? | | |
| 6. | An bhfuil cóip den *Bheartas maidir le Gnéaschiapadh agus Ciapadh ag an Obair a Chosc agus a Réiteach* agus faisnéis ábhartha eile curtha ar ríomhphost chuig an mball foirne cheana féin, m.sh., maidir le hidirghabháil, seirbhís cúnaimh d'fhostaithe/comhairleoireacht, cóip den nós imeachta gearáin a aontaíodh go náisiúnta, srl.?<br>Mura bhfuil, ar inis tú don ghearánach cathain ba chóir dó/di a bheith ag súil go bhfaighidh sé/sí é? | | |
| **7.** | Ar iarr tú ar an ngearánach filleadh ar ais chugat laistigh de 2-3 lá tar éis dóibh a roghanna a bhreithniú agus tar éis deis a bheith aige/aici breathnú ar an *mBeartas maidir le Gnéaschiapadh agus Ciapadh ag an Obair a Chosc agus a Réiteach?* | | |
| 8. | Ar thug an gearánach le fios cathain a thiocfaidh sé/sí ar ais chugat? | | |
| 9. | An bhfuil an aide memoire seo críochnaithe agat? | | |
| 10. | Ar chuir tú in iúl don ghearánach go seolfaidh tú cóip den aide memoire seo chuige/chuici agus cathain a bheadh sé/sí ag súil go bhfaighidh sé/sí é? | | |
| 11. | Ar mhínigh tú go gcoimeádfar an aide meomoire seo i gcomhad atá go hiomlán faoi rún agus in áit shábháilte agus é marcáilte ***"Teagmhálaithe <bhliain ábhartha, m.sh. 20XX> agus go scriosfar é trína stialladh tar éis tréimhse sé mhí?*** | | |
| 12. | Ar mhínigh tú nach bhfuil i gceist leis an bhfaisnéis seo a choinneáil ar feadh tréimhse sé mhí ach mar aide memoire don Teagmhálaí chun cabhrú leat sa chás go bhféadfadh an gearánach teagmháil a dhéanamh leat arís laistigh den tréimhse sé mhí sin? | | |

| | | |
|---|---|---|
| 13. Ar mhínigh tú nach gcoinneofar aon taifid eile maidir leis an gcomhrá in aon chomhaid eile (m.sh., comhaid phearsanra)? | | |
| 14. Ar chuir tú dáta sa dialann lena chinntiú go rachaidh tú i dteagmháil leis an ngearánach i gceann seachtain oibre amháin ar a laghad chun cúrsaí a phlé leo?<br>Má chuir, liostaigh an dáta. | | |

***Dáta:* ____________________________**

***TABHAIR FAOI DEARA:*** Níl sé mar pháirt de ról Theagmhálaí an BOO idirghabháil a dhéanamh nó dul i dteagmháil le duine ar bith thar ceann an bhaill foirne.

**Aide-memoire a Choinneáil:** Tá sé mar pholasaí ag an mBord Oideachais agus Oiliúna ábhartha an bhunchóip den aide-memoire (arna chomhlánú ag an Teagmhálaí) a choinneáil i gcomhad atá go hiomlán faoi rún agus in áit shábháilte marcáilte ***"Teagmhálaithe <bliain ábhartha, m.sh. 20XX>.*** Is é an Aide-memoire díreach mar a thugann a bhrí le fios, chun cuimhne an Teagmhála a athnuachan sa chás go ndéanann an duine céanna teagmháil bhreise leo ar an gceist chéanna laistigh de shé mhí. Tá sé mar pholasaí ag an BOO lena mbaineann go scriosfar an aide-memoire trína stialladh tar éis tréimhse sé mhí ó chuirtear le chéile é.

*(Le síniú ag na páirtithe agus iad ag gabháil d'idirghabháil)*

# Comhaontú Measúnaithe

**de chuid [cuir isteach ainm]**

le haghaidh idirghabhála mar réiteach cuí ar choinbhleacht ag an obair

**"GAN CHLAONTACHT"**

Cad é an toradh is fearr atá ag teastáil uait? *(Cuir isteach an méid a bhfuil tú ag súil leis anseo le do thoil)*

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

| | |
|---|---|
| An bhfuil tú ag iarraidh go mbeidh deireadh leis an gcoimhlint?<br><br>Tá nó níl? | |

| | |
|---|---|
| An nglacann tú leis nach dtaobhfaidh an tIdirghabhálaí le taobh amháin ná le taobh eile?<br><br><br>Glacaim leis sin nó Ní ghlacaim leis sin? | |

**An dtuigeann tú/an nglacann tú leis an méid seo a leanas:**

- Ní chuirfidh an próiseas an milleán ar dhuine ar bith ach déanfaidh sé iniúchadh agus anailís ar an gcaoi ar tháinig an choimhlint chun cinn.
- Is é cuspóir na hIdirghabhála ná go bhfaighidh na daoine aonair atá i ndíospóid a réitigh féin le cúnamh ón Idirghabhálaí.
- Tá an próiseas go hiomlán deonach agus ní éireoidh leis mura bhfuil na páirtithe rannpháirteach go hiomlán nó mura bhfuil siad toilteanach.
- Is éard atá i gceist leis an bpróiseas ná gach duine ag labhairt agus an duine eile ag éisteacht.
- Tar éis an chuid seo den phróiseas, b'fhéidir go mbeadh roinnt plé ann, ach ba chóir go mbeadh sé laistigh de theorainneacha dochta.
- Is féidir cruinnithe ar leithligh a reáchtáil ag am ar bith le linn an phróisis idirghabhála chun ábhair imní duine a sheiceáil, aghaidh a thabhairt ar iompar neamhchabhrach, nó cabhrú le daoine smaoineamh ar a gcuid roghanna.
- Aistreoidh an plé i dtreo na todhchaí agus cad a tharlóidh as seo amach.
- Comhaontaíonn na páirtithe clár oibre de shaincheisteanna nach mór a réiteach.
- Oibreoidh na páirtithe trí gach saincheist ar an gclár oibre, ag giniúint roinnt smaointe agus ansin ag meá, ag coigeartú agus ag tástáil na roghanna malartacha chun toradh inoibrithe, frithpháirteach sásúil a chruthú.
- Má tá na páirtithe in ann a n-easaontais a réiteach, scríobhfaidh an tIdirghabhálaí comhaontú foirmiúil ina mbeidh na cinntí sin. Síníonn agus coinníonn gach duine a bhí páirteach cóip.
- Féadfar a iarraidh ar an Idirghabhálaí athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú an chomhaontaithe laistigh de thréimhse shonrach arna iarraidh sin do na páirtithe.
- Ní rachaidh aon seisiún iomlán thar 2 uair an chloig.
- Ba chóir an chuid is mó de na cásanna a réiteach i 2-3 sheisiún.
- Éileoidh sé ar na páirtithe breathnú ar an bpictiúr mór.
- Beidh ar dhaoine scrúdú a dhéanamh ar a iompar féin agus ar fhreagairtí ar chásanna deacra.
- Éileoidh sé ar gach duine "siúl i mbróga an duine eile" agus an pictiúr a fheiceáil ó pheirspictíocht an duine eile.
- Is é aidhm na hidirghabhála cabhrú le daoine feabhas a chur ar a muinín maidir le coinbhleachtaí a láimhseáil agus cabhrú le caidreamh oibre gairmiúil a atógáil.
- D'fhéadfadh go mbeadh gá le rannpháirtíocht le páirtithe seachas iad siúd a bhfuil baint dhíreach acu le réiteach infheidhmithe deiridh. ***(Tabhair le fios anseo le do thoil cé a mheasann tú a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don phróiseas).***

  ______________________________________________________________________________

  ______________________________________________________________________________

**Léigh mé agus thuig mé an méid thuas agus táim sásta páirt a ghlacadh sa phróiseas idirghabhála. Má tá mé den tuairim ag pointe ar bith nach bhfuil idirghabháil cuí, coimeádaim mo cheart chun tarraingt siar agus triail a bhaint as roghanna eile atá ar fáil dom.**

**Sínithe**______________________________ **Dáta** __________________________

***[Cuir isteach ainm]***

## Taifead ar Thoradh na hIdirghabhála faoin

## *Beartas maidir le Gnéaschiapadh agus Ciapadh ag an Obair a Chosc*

| | |
|---|---|
| **Ainm(neacha) an ghearánaí:** | |
| **Ainm(neacha) an fhreagróra:** | |
| **Ainm an Idirghabhálaí:** | |
| **Dátaí na seisiún a rinneadh:** | |

Tá na páirtithe thuasluaite tar éis dul i mbun próiseas idirghabhála a raibh *<X líon>* seisiún I gceist leis.

**Mar thoradh ar na seisiúin sin:**

**Baineadh toradh comhaontaithe amach** ☐

**NÓ**

**Níor baineadh toradh comhaontaithe amach** ☐

**Síniú an idirghabhálaí: _________________** **Dáta: _________________**

*Ba chóir don Idirghabhálaí an taifead seo a chur ar fáil do rannóg AD an BOO (marcáilte go hiomlán príobháideach agus faoi rún faoi choinne an Cheannasaí Acmhainní Daonna) agus é a chóipeáil chuig na páirtithe sa phróiseas idirghabhála.*

*Coinneofar cóip ar chomhad pearsanra na bpáirtithe sa phróiseas ar feadh tréimhse bliana sa chás gur éirigh leis an idirghabháil. Sa chás nár éirigh leis an idirghabháil, coimeádfar cóip ar chomhad go dtí go rachaidh an Nós Imeachta Foirmiúil in éag (má agairtear é) agus ar feadh tréimhse nach faide ná sé bliana ina dhiaidh sin.*

**TEIMPLÉAD C – Foirm Ghearáin maidir le Ciapadh agus Gnéaschiapadh san Ionad Oibre**

*<Cuir isteach LÓGÓ an BOO>*

# Foirm Ghearáin maidir le Ciapadh agus Gnéaschiapadh san Ionad Oibre

**Ní mór an fhoirm ghearáin a úsáid nuair a dhéantar gearán foirmiúil a chur isteach.**

**Sainmhínítear ciapadh** in alt 14A (7) den ACF mar aon chineál iompair nach dteastaíonn a bhaineann le haon cheann de na forais toirmiscthe a bhfuil sé mar chuspóir nó d'éifeacht aige dínit duine a shárú agus timpeallacht imeaglaithe, táireach, náireach nó mhaslach a chruthú don duine. Ní chlúdaíonn an ACF Ciapadh nó Gnéaschiapadh/Ciapadh nach bhfuil nasctha le ceann amháin nó níos mó de na forais idirdhealaitheacha.

**Sainmhínítear gnéaschiapadh** in alt 14A (7) den ACF mar aon chineál iompair bhriathartha, neamhbhriathartha nó fhisiciúil de chineál gnéasach nach dteastaíonn uaidh agus a bhfuil sé mar aidhm aige dínit duine a shárú agus timpeallacht imeaglaithe, táireach, náireach nó mhaslach a chruthú don duine.

Is coincheapa dlíthiúla iad sin agus mar sin is féidir iompar a mheas mar ghnéaschiapadh agus ciapadh nó ciapadh, ní mar an dá rud.

Sula gcomhlánóidh tú an fhoirm seo, moltar duit eolas a chur ar *Bheartas an BOO maidir le Gnéaschiapadh agus Ciapadh ag an Obair a Chosc agus a Réiteach.*

Ní mór an fhoirm ghearáin **a chomhlánú ina hiomláine.** Mar threoir, ba chóir duit aird a thabhairt ar nithe mar an méid seo a leanas:

- Líomhaintí sonracha soiléire i gcoinne daoine ainmnithe
- Dátaí agus amanna na heachtra/na n-eachtraí
- **Liosta finnéithe, más ann dóibh.** Ceanglaítear ar an ngearánach ainmneacha agus sonraí teagmhála na bhfinnéithe maidir le heachtra(í) ar leith (más ann dóibh) a chur isteach i liosta mar chuid den ghearán a chuirtear isteach agus laistigh den tréimhse ama atá forordaithe ag an mbeartas. Ní fhéadfaidh an gearánach ach daoine atá in ann fianaise dhíreach a thairiscint maidir le heachtra(í) líomhnaithe a ainmniú. **Ní ráitis finné iad ráitis ghinearálaithe mar a bheadh teistiméireachtaí carachtair ann.** Cuirfear cóipeanna de ráitis finné (más ann) ar fáil don dá pháirtí sa ghearán de réir ceartais nádúrtha agus nós imeachta cóir.
- Sleachta díreacha más féidir iad a thabhairt chun cuimhne.

- Cur síos gairid ar chomhthéacs gach eachtra.
- Cur síos gairid ar an tionchar/éifeacht a bhí ag gach eachtra ort.
- Aon fhianaise tacaíochta ábhartha eile.
- Seachas idirghabháil, sonraí faoi chuir chuige roimhe seo a rinneadh leis an bhfreagróir (más ann) agus toradh na gcur chuige sin.

Ba chóir duit é sin a chomhlánú agus a chur isteach má mheasann tú go gcomhlíonann do ghearán an sainmhíniú ar chiapadh nó ar ghnéaschiapadh. **Cuirtear sonraí teagmhála ar fáil ag deireadh na foirme seo, ag tabhairt le fios cé chuige ar cheart duit do ghearán a chur isteach.**

| **1. SONRAÍ PEARSANTA (an duine atá ag déanamh an ghearáin seo)** | | |
|---|---|---|
| AINM IOMLÁN | | SEOLADH AN IONAID OIBRE |
| UIMHIR THEILEAFÓIN | *AGUS* | SEOLADH RÍOMHPHOIST |

| **2. DUINE ATÁ FREAGRACH AS AN NGNÉASCHIAPADH/GCIAPADH LÍOMHNAITHE** | | |
|---|---|---|
| AINM IOMLÁN | | SEOLADH AN IONAID OIBRE |
| UIMHIR THEILEAFÓIN | *AGUS* | SEOLADH RÍOMHPHOIST |

| **3. CAIDREAMH OIBRE LEATSA (tic le do thoil)** |
|---|

| | |
|---|---|
| BAINISTEOIR/MAOIRSEOIR | DUINE ATÁ AG OBAIR FÚM |
| COMHOIBRÍ | EILE |

## 4. IOMPRAÍOCHTAÍ CIAPTHA/GNÉASCHIAPTHA

Is dócha go mbeidh iompar a dhéanann patrún ciaptha san áireamh ní hamháin ceann amháin ach raon de na hiompraíochtaí seo a leanas. **Cuir tic le haon cheann díobh seo a bhaineann leat agus tabhair cur síos ar an/na (h)iompraíocht(aí) faoi 5. Sonraí maidir le Ciapadh/Gnéaschiapadh Líomhnaithe.'**

**SAMPLAÍ DE CHIAPADH**

| Cuir tic de réir mar a bhaineann le do ghearán | Iompraíocht | Dáta(í) |
|---|---|---|
| | Ciapadh ó bhéal – scéalta grinn, tuairimí, magadh nó amhráin | |
| | Ciapadh scríofa – lena n-áirítear graifítí, teachtaireachtaí téacs, ríomhphoist, postálacha ar na meáin shóisialta nó ar an idirlíon | |
| | Ciapadh fisiciúil – ag brú ar a chéile, teagmháil nó aon chineál ionsaí | |
| | Ciapadh imeaglaithe – gothaí, buaileam sciath nó iompar bagrach | |
| | Taispeántais amhairc cosúil le póstaeir, comharthaí nó suaitheantais | |
| | Monatóireacht iomarcach ar obair | |

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| | Aonrú nó eisiamh ó ghníomhaíochtaí sóisialta | |
| | Dualgais poist nó spriocanna oibre an duine a athrú go míréasúnta | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

*Níl an liosta uileghabhálach. Má mheasann tú gurb ionann iompraíochtaí eile agus Gnéaschiapadh de réir an tsainmhínithe ar leathanach 1 den fhoirm seo, liostaigh iad sna spásanna bána atá ar fáil thuas.*

**SAMPLAÍ DE GHNÉASCHIAPADH**

| **Cuir tic de réir mar a bhaineann le do ghearán** | **Iompar** | **Dáta(í)** |
|---|---|---|
| | Iompar fisiciúil de chineál gnéasach - d'fhéadfadh teagmháil fhisiciúil gan iarraidh a bheith san áireamh leis seo, mar shampla teagmháil gan ghá, boiseog éadrom a bhualadh ar dhuine nó liomóg a bhaint as duine nó teagmháil éadrom ar chorp fostaí eile, ionsaí agus caidreamh collaí comhéigneach | |

| | | |
|---|---|---|
| | Iompar ó bhéal de chineál gnéasach - áirítear leis sin cluanaireacht nach bhfuil fáilte roimpi, tairiscintí nó brú maidir le teagmháil ghnéasach, moltaí leanúnacha maidir le teagmháil shóisialta lasmuigh den ionad oibre tar éis a bheith soiléir nach bhfuil fáilte roimh mholtaí den sórt sin, gan iarraidh nó maslach, ráitis a bhfuil claontagairtí gnéis iontu, leath-thagairtí nó tuairimí gáirsiúla, graifítí, ábhair scríofa, ríomhphoist, teachtaireachtaí téacs nó postálacha ar na meáin shóisialta | |
| | Iompar neamhbhriathartha de chineál gnéasach - d'fhéadfadh sé sin pictiúir nó rudaí pornagrafacha nó gnéasacha a chur ar taispeáint. D'fhéadfadh na hiompraíochtaí seo a leanas a bheith i gceist freisin: stalcaireacht, nochtadh mígheanasach, ag féachaint go drúisiúil ar dhuine, feadaíl nó gothaí gnéasacha a dhéanamh | |
| | Iompar inscnebhunaithe - áirítear leis sin iompar a dhéanann dímheas nó maslach ar fhostaí ar chúiseanna a bhaineann lena ghnéas, mar shampla mí-úsáid dhímheasúil nó táireach nó maslaí atá bunaithe ar inscne. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin iompar a mhaslaíonn nó a dhéanann beag is fiú d'fhostaí toisc go bhfuil sí ag iompar clainne nó toisc go bhfuil sé/sí trasinscneach | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

*Níl an liosta uileghabhálach. Má mheasann tú gurb ionann iompraíochtaí eile agus Gnéaschiapadh de réir an tsainmhínithe ar leathanach 1 den fhoirm seo, liostaigh iad sna spásanna bána atá ar fáil thuas.*

**5. SONRAÍ MAIDIR LE CIAPADH / GNÉASCHIAPADH LÍOMHNAITHE** (cé, cad é, cá háit, cathain agus conas, i.e. an tionchar/éifeacht a bhí ag gach eachtra ort)

*Ceangail leathanaigh bhreise más gá.*

*Is féidir leat aird a thabhairt ar an méid seo a leanas mar threoir chun an chuid seo a chomhlánú.*

- *Líomhaintí sonracha soiléire i gcoinne daoine ainmnithe*
- *Dátaí agus amanna na heachtra/na n-eachtraí*
- *Sleachta díreacha más féidir iad a thabhairt chun cuimhne.*
- *Cur síos gairid ar chomhthéacs gach eachtra.*
- *Cur síos gairid ar an tionchar/éifeacht a bhí ag gach eachtra ort.*
- *Aon fhianaise tacaíochta ábhartha eile.*
- *Seachas idirghabháil, sonraí faoi chuir chuige roimhe seo a rinneadh leis an bhfreagróir (más ann dóibh) agus toradh na gcur chuige sin.*

**6. FINNÉITHE (tabhair sonraí teagmhála na bhfinnéithe a chonaic an Gnéaschiapadh/Ciapadh líomhnaithe)**

| | |
|---|---|
| AINM IOMLÁN (thíos) | UIMHIR THEAGMHÁLA NÓ RÍOMHPHOST |
| AINM IOMLÁN | UIMHIR THEAGMHÁLA NÓ RÍOMHPHOST |
| AINM IOMLÁN | UIMHIR THEAGMHÁLA NÓ RÍOMHPHOST |

**7. BAINISTÍOCHT ÁITIÚIL**

| | | |
|---|---|---|
| Ar thuairiscigh tú an t-ábhar sin d'aon duine eile? | THUAIRISCIGH | NÍOR THUAIRISCIGH |
| Más rud é gur thuairiscigh, cé leis ar thuairiscigh tú an t-ábhar agus cad a tharla ó tuaraiscíodh é? | | |

## 8. FIANAISE TACAÍOCHTA ATÁ CEANGAILTE LEIS AN NGEARÁN SEO

Liostaigh aon fhianaise/cáipéisí tacaíochta leis an bhFoirm Ghearáin seo le do thoil (m.sh. ríomhphoist, iontrálacha dialainne, srl.). Ba chóir tagairt shonrach a dhéanamh d'fhianaise/doiciméadú tacaíochta san fhoirm ghearáin agus ní mór dóibh a bheith ábhartha do mhionsonraí an ghearáin.

## 9. FAISNÉIS BHREISE (An bhfuil aon fhaisnéis eile agat a bhaineann le do ghearán?)

| 10. DEARBHÚ | |
|---|---|
| Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil san fhoirm ghearáin seo fíor agus ceart chomh fada agus is eol dom. Tuigim go ndéanfar mo ghearán a phróiseáil anois tríd an *mBeartas um Gnéaschiapadh agus Ciapadh ag an Obair a Chosc agus a Réiteach.* | |
| **Síniú an duine atá ag déanamh an ghearáin** | **Dáta** |
| **Seol an fhoirm chomhlánaithe seo ar ais chuig an gCeann Acmhainní Daonna, *<Cuir isteach ainm agus sonraí teagmhála an BOO>.*** | |

*Nós Imeachta Foirmiúil; Céim 1, *Beartas maidir le Gnéaschiapadh agus Ciapadh ag an Obair a Chosc agus a Réiteach (Leagan: Meán Fómhair 2025).*

*<Cuir isteach LÓGÓ an BOO>*

# Foirm Freagartha ar Ghearán maidir le Gnéaschiapadh / Ciapadh san Ionad Oibre

**Ní mór an fhoirm freagartha ar ghearán a úsáid chun freagra a thabhairt ar ghearán foirmiúil.**

**Sainmhínítear ciapadh** in alt 14A (7) den ACF mar aon chineál iompair nach dteastaíonn a bhaineann le haon cheann de na forais toirmiscthe a bhfuil sé mar chuspóir nó d'éifeacht aige dínit duine a shárú agus timpeallacht imeaglaithe, táireach, náireach nó mhaslach a chruthú don duine. Ní chlúdaíonn an ACF Ciapadh nó Gnéaschiapadh/Ciapadh nach bhfuil nasctha le ceann amháin nó níos mó de na forais idirdhealaitheacha.

**Sainmhínítear gnéaschiapadh** in alt 14A (7) den ACF mar aon chineál iompair bhriathartha, neamhbhriathartha nó fhisiciúil de chineál gnéasach nach dteastaíonn uaidh agus a bhfuil sé mar aidhm aige dínit duine a shárú agus timpeallacht imeaglaithe, táireach, náireach nó mhaslach a chruthú don duine.

Is coincheapa dlíthiúla iad sin agus mar sin is féidir iompar a mheas mar ghnéaschiapadh agus ciapadh nó ciapadh, ní mar an dá rud.

Sula gcomhlánóidh tú an fhoirm seo, moltar duit eolas a chur ar Bheartas an BOO *maidir le Gnéaschiapadh agus Ciapadh ag an Obair a Chosc agus a Réiteach.*

Ní mór an fhoirm **a chomhlánú ina hiomláine.** Mar threoir, ba cheart duit aird a thabhairt ar fhreagairt a thabhairt ar shonraí an ghearáin a rinneadh i do choinne ag tagairt do nithe mar:

- Ag freagairt go soiléir do na líomhaintí sonracha a rinneadh i do choinne
- Dátaí agus amanna aon eachtra(í) ábhartha
- **Liosta finnéithe, más ann dóibh**. Ceanglaítear ar an bhfreagróir ainmneacha agus sonraí teagmhála na bhfinnéithe ar eachtra ar leith (más ann dóibh) a chur isteach i liosta mar chuid den fhreagra ar an bhfoirm ghearáin a cuireadh isteach agus laistigh den achar ama atá forordaithe ag an mbeartas. Ní fhéadfaidh an gearánach ach daoine atá in ann fianaise dhíreach a thabhairt maidir le heachtra(í) líomhnaithe a ainmniú. Ní ráitis finné iad ráitis ghinearálaithe mar a bheadh teistiméireachtaí carachtar iontu. Cuirfear cóipeanna de ráitis finné (más ann dóibh) ar fáil don dá pháirtí sa ghearán de réir ceartais nádúrtha agus nós imeachta cóir.

- Sleachta díreacha más féidir iad a thabhairt chun cuimhne.
- Do fhreagra ar gach eachtra líomhnaithe.
- Cur síos gairid ar an tionchar/éifeacht a bhí ag gach eachtra ort.
- Aon fhianaise tacaíochta ábhartha eile.
- Seachas idirghabháil, sonraí faoi chuir chuige roimhe seo a rinneadh leis an ngearánach (más ann dóibh) agus toradh na gcur chuige sin.

**Ba chóir duit an fhoirm seo a chomhlánú agus a chur isteach ag baint úsáid as na sonraí teagmhála a chuirtear ar fáil ag deireadh na foirme seo.**

| **1. SONRAÍ PEARSANTA (an duine atá ag freagairt don ghearán)** | | |
|---|---|---|
| AINM IOMLÁN | AGUS | SEOLADH AN IONAID OIBRE |
| UIMHIR THEILEAFÓIN | | SEOLADH RÍOMHPHOIST |

| **2. CAIDREAMH OIBRE LEATSA (tic le do thoil)** | |
|---|---|
| BAINISTEOIR/MAOIRSEOIR | DUINE A OIBRÍONN FÚM |
| COMHOIBRÍ | EILE |

| **3. FREAGRA AR NA SONRAÍ MAIDIR LE GNÉASCHIAPADH/CIAPADH LÍOMHNAITHE**: (Tabhair freagraí iomlána agus sonracha ar gach rud atá á mhaíomh san Fhoirm Ghearáin, le do thoil, agus tabhair míniú iomlán, lena n-áirítear ainmneacha na bhfinnéithe*, más ann dóibh.<br><br>Ceangail leathanaigh bhreise más gá. |
|---|
| |

*Cuir an méid seo a leanas san áireamh mar threoir chun an t-alt seo a chomhlánú.*

- *Sleachta díreacha más féidir iad a thabhairt chun cuimhne.*
- *Cur síos gairid ar chomhthéacs gach eachtra.*
- *Cur síos gairid ar an tionchar/éifeacht a bhí ag gach eachtra ort.*
- *Aon fhianaise tacaíochta ábhartha eile.*
- *Seachas idirghabháil, sonraí faoi chuir chuige roimhe seo a rinneadh leis an bhfreagróir (más ann dóibh) agus toradh na gcur chuige sin.*

4. **FINNÉITHE (tabhair sonraí teagmhála an fhinné/na bhfinnéithe le do thoil) ***

| | |
|---|---|
| AINM IOMLÁN | UIMHIR THEAGMHÁLA NÓ RÍOMHPHOST |
| AINM IOMLÁN | UIMHIR THEAGMHÁLA NÓ RÍOMHPHOST |

| AINM IOMLÁN | UIMHIR THEAGMHÁLA NÓ RÍOMHPHOST |
| --- | --- |

## 5. FIANAISE THACAÍOCHTA ATÁ CEANGAILTE LEIS AN BHFREAGRA SEO

Liostaigh aon fhianaise/cháipéisí tacaíochta leis an bhFoirm Freagartha seo le do thoil (m.sh. ríomhphoist, iontrálacha dialainne srl.). Ba chóir tagairt shonrach a dhéanamh d'fhianaise/do cháipéisí tacaíochta san fhoirm freagartha agus ní mór dóibh a bheith ábhartha do mhionsonraí na heachtra/na n-eachtraí a líomhnaítear sa ghearán.

## 6. FAISNÉIS BHREISE (An bhfuil aon fhaisnéis eile agat a bhaineann le do fhreagra don ghearán)

## 7. DEARBHÚ

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil san Fhoirm Freagartha ar Ghearán seo fíor agus cruinn chomh fada agus is eol dom.

| | |
|---|---|
| ______________________________ | ______________ |
| Síniú an Fhreagróra | Dáta |

**Seol an fhoirm chomhlánaithe seo ar ais chuig an gCeann Acmhainní Daonna, *<Cuir isteach ainm agus sonraí teagmhála an BOO>.***

*Nós Imeachta Foirmiúil; Céim 1*, Beartas maidir le Gnéaschiapadh agus Ciapadh ag an Obair a Chosc agus a Réiteach (Leagan: Meán Fómhair 2025)*